



## SAORGHLUAISEACHT DAOINE

Is iad saorghluaiseacht agus cead cónaithe do dhaoine in AE cloch choirnéil shaoránacht an Aontais, arna bunú le Conradh Maastricht i 1992. Cuireadh deireadh le teorainneacha inmheánacha diaidh ar ndiaidh faoi chomhaontuithe Schengen, agus ansin glacadh Treoir 2004/38/CE maidir leis an gceart ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh agus ag daoine dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí go saor laistigh de AE. D’ainneoin thábhacht an chirt sin, tá constaicí móra fós ann i dtaobh cur chun feidhme, 10 mbliana tar éis an spriocdháta do chur i bhfeidhm na Treorach sin.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE); Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); Teidil IV agus V CFAE; Airteagal 45 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

### CUSPÓIRÍ

Tá athrú tagtha ar choincheap na saorghluaiseachta daoine ó ceapadh ar dtús é. Sna chéad forálacha ar an ábhar, i gConradh 1957 lenar bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ([1.1.1](#), [2.1.5](#) agus [2.1.4](#)) cuimsíodh saorghluaiseacht oibrithe agus saoirse bhunaíochta, agus ar an gcaoi sin daoine aonair mar fhostaithe nó mar sholáthraithe seirbhíse. Tugadh isteach le Conradh Maastricht an coincheap saoránacht an Aontais Eorpaigh a bheith mar cheart uathoibríoch ag náisiúnaigh uile na mBallstát. Is í an tsaoránacht AE sin atá ina bhonn is taca leis an gceart atá ag daoine gluaiseacht agus cónaí go saor laistigh de chríocha na mBallstát. Dearbhaíodh an ceart sin le Conradh Liospóin, a áirítear freisin sna forálacha ginearálta i Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais.

### A BHFUIL BAINTE AMACH

#### A. Limistéar Schengen

An chloch mhíle ba thábhachtaí i mbunú an mhargaidh inmheánaigh le saorghluaiseacht daoine ab ea tabhairt i gcrích dhá chomhaontú Schengen, i.e. an Comhaontú féin an 14 Meitheamh 1985, agus Coinbhinsiún Cur Chun Feidhme Chomhaontú Schengen, a síníodh an 19 Meitheamh 1990 agus a tháinig i bhfeidhm an 26 Márta 1995. Ar dtús, bunaíodh Coinbhinsiún cur chun feidhme Schengen (nár shínigh ach an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Lucsamburg agus an Ísiltír) ar chomhar idir-rialtais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile. D’fhoráil prótacal ag gabháil le Conradh Amstardam d’aistriú ‘acquis Schengen’ ([4.2.4](#)) isteach snaconarthaí



Sa lá atá inniu ann, faoi Chonradh Liospóin, tá sé faoi réir grinnscrúdú parlaiminteach agus breithiúnach. Sa mhéid go bhfuil formhór rialacha Schengen anois ina gcuid d'acquis AE, níl 'rogha an diúltaithe' indéanta a thuilleadh, ó tharla méadú AE an 1 Bealtaine 2004, do thíortha aontachais '(Airteagal 7 de Phrótocal Schengen).

### 1. Tíortha rannpháirteacha

Faoi láthair tá 26 chomhalta iomlána Schengen ann: 22 Bhallstát de chuid AE móide an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin (a bhfuil stádas comhlachaithe acu). Níl Éire ina páirtí sa Choinbhinsiún ach is féidir léi 'rogha a dhéanamh páirt a ghlacadh' i gcodanna roghnaithe de chorpas dlí Schengen. Cé go bhfuil an Danmhairg páirteach in Schengen ó 2001, tá an rogha aici diúltú d'aon bhearta nua ceartais agus gnóthaí baile, lena n-áirítear maidir le Schengen, cé go bhfuil sí faoi cheangal ag roinnt beart faoin gcomhbheartas víosaí. Tá an Bhulgáir, an Rómáin agus an Chipir ar tí a bheith ina bpáirtithe ann, cé go bhfuil moilleanna ann ar chúiseanna éagsúla. Thosaigh an Chróit ar an bpróiseas iarratais chun teacht isteach i limistéar Schengen an 1 Iúil 2015.

### 2. Raon Feidhme

I measc na nithe atá bainte amach le limistéar Schengen tá siad seo a leanas:

- a. Cuireadh deireadh le rialuithe teorainneacha inmheánacha do gach duine;
- b. Bearta chun neartú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar rialuithe teorainneacha seachtracha: ní gá do gach saoránach AE ach cárta aitheantais nó pas a thaispeáint chun teacht isteach i limistéar Schengen ([4.2.4](#));
- c. Comhbheartas víosaí le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta: féadfaidh náisiúnaigh tríú tír a áirítear sa liosta coiteann de thíortha nach Ballstáit iad a gcaithfidh víosa iontrála a bheith acu (féach Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001) víosa singil a fháil, atá bailí do limistéar Schengen go léir;
- d. Comhar póilíneachta agus breithiúnach: cuidíonn fórsaí póilíneachta lena chéile coireacht a bhrath agus a chosc agus tá an ceart acu dul ar thóir coirpigh éalaitheacha trí dhul isteach i gcríoch i stát comharsanachta Schengen; tá córas níos tapúla eiseachadta ann freisin agus aitheantas frithpháirteach ar bhreithiúnais choiriúla ([4.2.6](#) agus [4.2.7](#));
- e. Bunú agus forbairt Córas Faisnéise Schengen (SIS) ([4.2.4](#)).

### 3. Na dúshlán

Cé go samhlaítear limistéar Schengen a bheith ar cheann de phríomhghnóthachtálacha an Aontais Eorpaigh, bhí brú mór air le tamall anuas toisc insreabhadh ollmhór dídeanaithe agus imirceach isteach in AE. Ó mhí Mheán Fómhair 2015 i leith, mar gheall ar an líon ollmhór de dhaoine ag teacht isteach i roinnt de na Ballstáit, spreag sé sin iad seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha Schengen a thabhairt ar ais go sealadach. Cé go raibh na seiceálacha sealadacha go léir i gcomhréir le rialacha Chód Teorainneacha Schengen, bhí sé sin ar an gcéad uair i stair Schengen gur cuireadh ar bun seiceálacha sealadacha ar an scála sin ag na teorainneacha. Eascraíonn dúshlán eile ó ionsaithe sceimhlitheoireachta, a léiríonn an deacracht atá ag baint le sceimhlitheoirí a aithint atá ag teacht isteach i



limistéar Schengen agus ag taisteal tríd an limistéar sin. Mar gheall ar na dúshláin leanúnacha tugadh chun solais an nasc doscartha idir bainistiú láidir teorainneacha seachtracha agus saorghluaiseacht laistigh de na teorainneacha seachtracha sin agus d'eascair sraith beart nua as sin, idir sheiceálacha feabhsaithe slándála ar dhaoine a thagann isteach i limistéar Schengen agus feabhas a chur ar bhainistiú teorainneacha seachtracha ([4.2.4](#) agus [4.2.7](#)).

## **B. Saorghluaiseacht shaoránaigh AE agus daoine dá dteaghlaigh**

### **1. Na chéad chéimeanna**

Chun an Comhphobal a thiontú ina limistéar ina bhfuil fíorshaoirse agus fíorshoghluaiseacht dá shaoránaigh go léir, glacadh treoracha i 1990 chun cearta cónaithe a thabhairt do dhaoine seachas oibrithe: Treoir 90/365/CEE ón gComhairle maidir leis an gceart cónaithe d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe atá tar éis scor dá ngníomhaíocht ceirde; Treoir 90/366/CEE ón gComhairle maidir leis an gceart cónaithe ag mic léinn; agus Treoir 90/364/CEE ón gComhairle maidir leis an gceart cónaithe (do náisiúnaigh na mBallstát nach bhfuil an ceart sin acu faoi fhorálacha eile de dhlí an Chomhphobail agus do dhaoine dá dteaghlaigh).

### **2. Treoir 2004/38/CE**

Chun na píosáí éagsúla reachtaíochta a chomhdhlúthú (lena n-áirítear iadsan atá luaite thuas) agus chun an corpas mór de chásdlí a chur san áireamh atá nasctha le saorghluaiseacht daoine, glacadh treoir chuimsitheach nua in 2004 — Treoir [2004/38/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an gceart ag saoránaigh an Aontais agus ag daoine dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí go saor laistigh de chríoch na mBallstát. Tá sé i gceist leis an Treoir sin saoránaigh an Aontais a spreagadh a gceart a fheidhmiú maidir le gluaiseacht agus cónaí go saor laistigh de na Ballstáit, gearradh siar ar fhoirmiúlachtaí riaracháin chun nach ndéanfaí ach an méid is gá, saineú níos fearr a dhéanamh ar stádas daoine den teaghlach, agus teorainn a chur leis an raon atá ann chun diúltú d'iontráil nó ceart cónaithe a fhoirceannadh. Faoi Threoir 2004/38/CE, áirítear i measc daoine den teaghlach: céile (den ghnéas céanna freisin, mar a shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ina breithiúnas Coman, C-673/16); páirtí cláraithe, más rud é go gcaitheann an Ballstát is óstach le páirtithe cláraithe go combhionann le pósadh; sliochtach díreach atá faoi bhun aois 21 nó ar daoine cleithiúnacha iad agus iadsan den chéile nó den pháirtí cláraithe; agus gaolta díreacha ar daoine cleithiúnacha iad in ord ardaitheach agus iadsan de chéile nó de pháirtí cláraithe<sup>[1]</sup>.

#### **a. Cearta agus oibleagáidí**

- Tréimhsí fanachta faoi bhun trí mhí: an t-aon cheanglas atá ar shaoránaigh an Aontais ná go mbeadh doiciméad céannachta nó pas bailí acu. Féadfaidh an Ballstát is óstach a éileamh ar na daoine lena mbaineann go gcláródís leis an tír ina bhfuil siad.
- Tréimhsí fanachta níos mó ná trí mhí: Ní mór do shaoránaigh AE agus daoine dá dteaghlaigh — mura bhfuil siad ag obair — acmhainní leordhóthanacha a

---

[1] gcás fhorghór na mBallstát cuireann siad i bhfeidhm an treoir i leith saorghluaiseacht a ráthú do pháirtithe cláraithe den ghnéas céanna agus de pháirtithe atá i gcaidreamh buan.



bheith acu chun a áirithiú nach mbeidh sian ina n-ualach ar sheirbhísí sóisialta an Bhallstáit is óstach agus iad ag fanacht ann. Ní gá do shaoránaigh Aontais ceadanna cónaithe a bheith acu, cé go bhféadfaidh na Ballstáit a cheangal orthu clárú leis na húdaráis. I gcás daoine den teaghlach de shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh iad de Bhallstát is gá dóibh cur isteach ar chead cónaithe, atá bailí dá dtréimhse fanachta nó ar feadh tréimhse cúig bliana.

- Ceart buanchónaithe: Faigheann saoránaigh an Aontais an ceart seo tar éis tréimhse cúig bliana de chónaí dleathach leanúnach, ar choinníoll nár forfheidhmíodh cinneadh díbeartha ina gcoinne. Níl an ceart sin faoi réir aon choinníollacha. Tá feidhm ag an riail chéanna i leith daoine den teaghlach nach náisiúnaigh iad de Bhallstát agus a chónaigh mar shaoránach Aontais ar feadh cúig bliana. Ní chailtear an ceart chun buanchónaithe ach amháin i gcás ina bhfuiltear imithe as an mBallstát is óstach ar feadh dhá bhliain as a chéile.
- Srianta ar cheart iontrála agus ar an gceart cónaithe: Féadtar saoránaigh Aontais nó daoine dá dteaghlaigh a dhíbirt as an mBallstát is óstach ar fhorais maidir le beartas poiblí, slándáil phoiblí nó sláinte phoiblí. Tugtar ráthaíochtaí chun a áirithiú nach nglactar na cinntí sin ar fhorais eacnamaíochta, go gcomhlíontar prionsabal na coimhdeachta agus go bhfuil siad bunaithe ar iompar pearsanta, i measc cúinsí eile.

Ar deireadh thiar, cumasaíonn an treoir na Ballstáit chun na beartais riachtanacha a ghlacadh diúltú, foirceannadh nó aistarraingt a dhéanamh ar aon cheart a thugtar i gcás ina mbaintear mí-úsáid as cearta nó i gcás calaoise, amhail pósadh áisiúlachta.

#### **b.** Cur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE

Bhí an-chuid fadhbanna agus conspóide ag baint leis an treoir seo, agus fianaise ag teacht chun solais maidir le heasnaimh thromchúiseacha ó thaobh chur i bhfeidhm agus chonstaicí leanúnacha i mbealach na saorghluaiseachta, mar a léiríodh i dtuarascálacha ón gCoimisiún agus i staidéir ón bParlaimint maidir le cur i bhfeidhm na teorach, imeachtaí um shárú i gcoinne na mBallstát do thrasuí mícheart nó neamhiomlán, líon mór na n-achainíochta arna gcur faoi bhráid na Parlaiminte agus an t-ualach cásanna suntasach atá ar CBAE. Mar gheall ar an gcáineadh a rinne roinnt de na Ballstáit in 2013-2014 ar mhí-úsáid líomhnaithe na rialacha saorghluaiseachta ag saoránaigh AE chun críocha ‘turasóireacht ar mhaithe le sochair a fháil’ tharla plé ar leibhéal AE maidir leis na leasuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh, atá curtha ar leataobh i láthair na huaire i bhfianaise chinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil.

#### **c.** Náisiúnaigh tríú tír

Le haghaidh forálacha is infheidhme i leith náisiúnaigh tríú tír nach daoine den teaghlach iad de shaoránaigh AE, féach [4.2.3](#).

## **RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA**

Tá an Pharlaimint tar éis troid go dian le fada chun seasamh leis an gceart chun saorghluaiseachta, atá ina chroíphrionsabal den Aontas Eorpach dar léi. Ina rún an 16 Eanáir 2014 i ndáil leis an gceart bunúsach chun saorghluaiseachta in AE,



dhiúltaigh an Pharlaimint d'iarrachtaí srian a chur le ceart saorghluaiseachta agus d'iarr ar na Ballstáit cloí leis na forálacha sna Conarthaí maidir le rialacha AE a rialaíonn saorghluaiseacht agus chun a áirithiú go seasann gach Ballstát le prionsabail an chomhionannais agus leis an mbuncheart chun saorghluaiseachta. Ina rún an 15 Márta 2017 maidir le constaicí i mbealach saoirse shaoránaigh AE gluaiseacht agus oibriú sa mhargadh inmheánach, agus ina rún an 12 Nollaig 2017 maidir le Saoránacht AE sa bhliain chéanna, d'iarr an Pharlaimint arís go mbainfí constaicí i mbealach an chirt chun saorghluaiseachta. Le cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil, tá ceann de cháinteoirí móra na saorghluaiseachta ag imeacht.

I ndáil le limistéar Schengen, ina rún an 30 Bealtaine 2018 sa tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú limistéar Schengen, cháin an Pharlaimint 'tabhairt isteach leanúnach seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha' sa mhéid go bhfuil siad 'dochrach d'aontacht limistéar Schengen agus díobhálach do rathúnas shaoránaigh Eorpacha agus do phrionsabal na saorghluaiseachta'.

Cé go ndearna formhór na mBallstát, mar gheall ar phaindéim COVID-19, srianta ag a dtéorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach arís, gur dhún siad teorainneacha agus gur chuir siad srianta sealadacha ar thaisteal ó thíortha eile AE i bhfeidhm, tá an Pharlaimint, i rún éagsúla a ghlac í in 2020, tar éis a cúis imní a chur in iúl arís is arís eile, agus í ag iarraidh go gcuirfí feabhas ar an gcomhordú ar leibhéal AE agus go gcuirfí limistéar Schengen lánfeidhmiúil ar bun arís go gasta<sup>[2]</sup>.

Ottavio Marzocchi  
12/2020

---

[2] [Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020 ar an staid i limistéar Schengen tar éis ráig COVID19](#), míreanna 2 agus 12.

